



CLEACHTAIS ASLONNAITHE

- Nuair a bhuailtear an cloigín, siúlann na páistí go dtí doras an seomra ranga. Cuirtear an doras ar an gcrúca, agus siúlann siad go dtí an doras éigeandála is gaire dóibh ag baint úsáide as an slí éigeandála aitheanta.
- Déanann an múinteoir ranga seic nach bhfuil aon pháiste fós sa seomra ranga, leithreas san áireamh.
- Ag an bpointe tionóil, glaotar an rolla sna línte chun seic a dhéanamh go bhfuil gach páiste tugtha san áireamh.
- Más rud é nach bhfuil páiste sa seomra ranga nuair a bhuaileann an t-aláram, fágann siad an foirgneamh tríd an doras éigeandála is gaire dóibh, agus téann siad go dtí an líne ag an bpointe tionóil aitheanta.
- Tógann rúnaí na scoile amach an leabhair siniú isteach chun cinntiú go bhfuil gach duine fásta ar an suíomh (bail foirne, cuairteoirí, conraitheoirí, &rl.) tugtha san áireamh. Tógann an rúnaí amach cóip bhreise de na liostaí ranga, ar fhaitíos nach mbeadh leabhrán rolla ag an múinteoir ranga.
- Déanann príomhoide na scoile seic deireanach ar an bhfoirgneamh, agus cinntíonn siad go bhfuil an gás múchta.
- Más rud é go raibh páiste/duine fásta, nach féidir a bhaint as an bhfoirgneamh, fanann siad in áit shábhailte (mar shampla, barr an staighre), agus cuirtear é sin in iúl do na seirbhísí éigeandála nuair a thagann siad ar an suíomh. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag baint úsáide as an gcóras teagmhála.
- Is iad seo leanas, mar sin, na freagrachtaí a bhaineann leis na baill foirne:

Ról	Freagrachtaí
Múinteoir Ranga	<ul style="list-style-type: none">• Cinntiú go bhfágann gach páiste an foirgneamh go slán sábhailte• Rolla a ghlaoch ag an láthair tionóil chun cinntiú go bhfuil gach páiste tugtha san áireamh
Rúnaí na Scoile	<ul style="list-style-type: none">• Leabhar siniú isteach a thabhairt leo agus cinntiú go bhfuil gach duine fásta ar an láthair tugtha san áireamh• Cóip bhreise de na liostaí ranga a thabhairt amach
Príomhoide	<ul style="list-style-type: none">• Láthair na tine a aithint ón bpainéal dóteáin & seic a dhéanamh ar an láthair sin• Déanann príomhoide na scoile seic deireadh ar an bhfoirgneamh• Cinntiú go bhfuil an sruthlú gáis chuig an scoil múchta